CINNEADH (CBES) 2023/1600 ÓN gCOMHAIRLE

an 3 Lúnasa 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata vi bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Aibreán 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/610 ([1]), lenar bunaíodh Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh oiliúint i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) le sainordú go dtí an 19 Meán Fómhair 2018.

(2) An 28 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1334 ([2]), lenar cuireadh síneadh le EUTM RCA go dtí an 20 Meán Fómhair 2023 agus lenar leasaíodh a shainordú.

(3) An 13 Iúil 2023, ar bhonn an athbhreithnithe straitéisigh iomlánaíoch ar EUTM RCA agus ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Comhairle i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA), mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh, i bprionsabal, le sainordú EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2024 agus go ndéanfaí measúnú straitéiseach ar EUTM RCA agus ar EUAM RCA tráth nach déanaí ná Márta 2024.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBSC) 2016/610 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. EUR 5 212 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna EUTM RCA don tréimhse ón 20 Meán Fómhair 2023 go dtí an 19 Meán Fómhair 2024. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, 15 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.’;

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Faoi réir measúnú straitéiseach a dhéanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tráth nach déanaí ná mí an Mhárta 2024, tiocfaidh deireadh le EUTM RCA an 19 Meán Fómhair 2024.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 104, 20.4.2016, lch. 21).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1334 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBES an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 201, 1.8.2022, lch. 27).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Lúnasa 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS